Tuarascáil ar Dhul Chun Cinn Digiteach na hEorpa 2017, Próifíl Tíre d'Éirinn

Rianaítear sa Tuarascáil ar Dhul Chun Cinn Digiteach na hEorpa dul chun cinn na mBallstát maidir le digitiú. Baintear leas inti as meascán d'fhianaise chainníochtúil ón Innéacs um an nGeilleagar Digiteach agus an tSochaí Dhigiteach (DESI)[1] agus d'fhaisnéis cháilíochtúil faoi bheartais atá sonrach don tír. Tá an tuarascáil leagtha amach ina cúig chaibidil:

1 Nascacht	Leathanbhanda fosaithe, leathanbhanda móibíleach, luas agus praghsanna leathanbhanda
2 Caipiteal Daonna	Úsáid an Idirlín, bunscileanna digiteacha agus ardscileanna digiteacha
3 Úsáid an Idirlín	An úsáid a bhaineann saoránaigh as inneachar, cumarsáid agus idirbhearta ar líne
4 Comhtháthú na Teicneolaíochta Digití	Digitiú gnó agus ríomhthráchtáil
5 Seirbhísí Poiblí Digiteacha	Ríomhrialtas

Rangú de réir an Innéacs um an nGeilleagar Digiteach agus an tSochaí Dhigiteach (DESI) 2017



[1] https://ec.europa.eu/digital-single-market/en/desi

	Éire		Braisle	AE
	rangú	scór	scór	scór
DESI 2017	**8**	**0.59**	**0.63**	**0.52**
DESI 2016[2]	8	0.55	0.60	0.49

Is san 8ú háit atá Éire in DESI 2017. Tá an earnáil teicneolaíochta faisnéise agus cumarsáide (TFC) ina hearnáil straitéiseach tosaíochta d'Éirinn agus tá sprioc uaillmhianach ag an tír bheith ar *"an áit is tarraingtí ar domhan ó thaobh infhaighteacht Scileanna TFC e*[3]." Údar misnigh i leith na sprice sin is ea an rangú fíormhaith atá ag Éirinn ó thaobh líon na gcéimithe Eolaíochta, Teicneolaíochta, Innealtóireachta agus Matamaitice (STEM) de agus ó thaobh úsáid na ríomhthráchtála i bhfiontair bheaga agus mheánmhéide de, mar aon le hardluas idirlín a bheith ar fáil go measartha forleathan sa tír agus an méadú atá ag teacht ar a úsáid. Níl cuma chomh maith sin ar tháscairí eile, áfach. Níl fáil fós ag 7% de theaghlaigh faoin tuath ar leathanbhanda fosaithe bunúsach fiú, agus tá glacadh an leathanbhanda fhosaithe cuid mhaith faoi bhun mheán an Aontais go fóill. Ina theannta sin, tá bunscileanna digiteacha in easnamh ar níos mó ná leath an phobail go fóill. Tá sin cuid mhaith níos measa ná meán an Aontais agus i bhfad taobh thiar de na tíortha is fearr san Aontas maidir le cúrsaí digiteacha. Ní cosúil go bhfuil feabhas ag teacht ar an scéal sin ach oiread.

Tá Éire rangaithe i mbraisle na dtíortha ardfheidhmíochta[4].

Is eol go maith d'Éirinn na dúshláin atá roimpi agus baineann sí leas as beartas fianaisebhunaithe chun dul i ngleic leo go gníomhach. Tá Straitéis Náisiúnta Dhigiteach i bhfeidhm aici ón mbliain 2013 i leith. Tá sé mar aidhm leis an Straitéis glacadh digiteach a bhrú chun cinn i dtrí réimse thábhachtacha: fiontraíocht, saoránaigh, agus oideachas. Tá tionscnaimh ar leith ar bun ag an tír freisin chun dul i ngleic le dúshláin bhonneagair agus le saincheisteanna ríomhrialtais. Tá straitéisí cuimsitheacha ag Éirinn freisin maidir le fiontraíocht agus scileanna, agus tá cuspóirí digiteacha clúdaithe sna straitéisí sin[5].

---

[2] Rinneadh DESI 2016 a ríomh arís do gach tír chun athruithe beaga ar an rogha táscairí a bhí in úsáid agus ceartuithe ar na onraí bunúsacha táscairí a léiriú. Dá thoradh sin, d'fhéadfadh sé nach ionann scóir agus ranguithe na dtíortha agus na cinn a bhí acu san fhoilseachán roimhe seo. Le haghaidh tuilleadh eolais, féach nóta modheolaíoch DESI ag https://ec.europa.eu/digital-single-market/en/desi.

[3] An Plean Gníomhaíochta um Scileanna TFC 2014-2018

[4] Is iad seo a leanas na tíortha ardfheidhmíochta: an Danmhairg, an Fhionlainn, an tSualainn, an Ísiltír, an Bheilg, an Ríocht Aontaithe, Éire, Lucsamburg agus an Eastóin.

[5] An Straitéis Náisiúnta Scileanna 2025 (2016); Fiontraíocht 2025 (2015)


DESI 2017 - feidhmíocht choibhneasta de réir réimse
Tír a fuair an scór is airde
Tír a fuair an scór is ísle
DESI
1 Nascacht
2 Caipiteal Daonna
3 Úsáid an Idirlín
4 Comhtháthú na Teicneolaíochta Digití
5 Seirbhísí Poiblí Digiteacha
Éire
AE


DESI - athrú le himeacht ama
0.70
0.60
0.50
0.40
0.30
0.20
DESI 2014
DESI 2015
DESI 2016
DESI 2017
Éire
AE

1 Nascacht

1 Nascacht	Éire		Braisle	AE
	rangú	scór	scór	scór
DESI 2017	**11**	**0.65**	**0.75**	**0.63**
DESI 2016	15	0.61	0.73	0.59

	Éire					AE
	DESI 2017			DESI 2016		DESI 2017
	luach		rangú	luach	rangú	luach
1a1 Clúdach Leathanbhanda Fhosaithe % de theaghlaigh	**96%** 2016	→	**20**	**96%** 2015	**19**	**98%** 2016
1a2 Glacadh Leathanbhanda Fhosaithe % de theaghlaigh	**69%** 2016	↑	**18**	**65%** 2015	**20**	**74%** 2016
1b1 Glacadh Leathanbhanda Mhóibíligh Síntiúis in aghaidh an 100 duine	**96** Meitheamh 2016	↑	**7**	**87** Meitheamh 2015	**7**	**84** Meitheamh 2016
1b2 Clúdach 4G[6] % de theaghlaigh (meánfhigiúr na n-oibreoirí)	**94%** 2016		**10**	**N/B**		**84%** 2016
1b3 Speictream[7] % den sprioc	**70%** 2016	↓	**10**	**74%** 2015	**10**	**68%** 2016
1c1 Clúdach NGA (Rochtain na Chéad Ghlúine Eile) % de theaghlaigh	**82%** 2016	↑	**13**	**80%** 2015	**14**	**76%** 2016
1c2 Síntiúis le Leathanbhanda Tapa % de shíntiúis >= 30 Mbps	**60%** Meitheamh 2016	↑	**8**	**51%** Meitheamh 2015	**9**	**37%** Meitheamh 2016
1d1 Praghas ar Leathanbhanda Fosaithe[8] % d'ioncam	**1.9%** praghas 2016, ioncam 2015	↑	**22**	**2.1%** praghas 2015, ioncam 2015	**23**	**1.2%** praghas 2016, ioncam 2015

D'éirigh le hÉirinn a feidhmíocht a fheabhsú arís eile i réimse na Nascachta, agus í rangaithe san 11ú háit i measc thíortha an Aontais anois. Tá an clúdach 4G (94%) agus glacadh an leathanbhanda mhóibíligh (96%) cuid mhaith os cionn mheán an Aontais. Tá an comhchuibhiú speictrim os cionn an mheáin freisin.

I gcodarsnacht leis sin, níl fáil fós ag 7% de theaghlaigh faoin tuath ar leathanbhanda fosaithe. Tá glacadh an leathanbhanda fhosaithe sách íseal, agus é ag 69% de theaghlaigh. Tá an leathanbhanda fosaithe fós sách costasach sa tír i gcomparáid le formhór na dtíortha eile san Aontas freisin. Mar sin féin, na daoine sin a bhfuil rochtain acu ar idirlíon fosaithe, is amhlaidh go bhfuil ag méadú ar na deiseanna atá acu uasghrádú go leathanbhanda tapa, agus baineann siad leas as an rogha sin. Tháinig méadú suntasach ar an gclúdach NGA sa bhliain seo a chuaigh thart (agus é méadaithe go 82% de theaghlaigh, ar figiúr é atá cuid

[6] Is táscaire nua in DESI é seo lena dtomhaistear meánchlúdach líonraí 4G na n-oibreoirí teileachumarsáide.

[7] Tá laghdú ann i bhformhór na mBallstát ina leith seo mar gheall ar chomhchuibhiú breise an bhanda 700 MHz san Aontas i mí Aibreáin 2016.

[8] Rinneadh na sonraí stairiúla a ríomh arís mar gheall ar mhionathrú modheolaíoch.

mhaith os cionn mheán an Aontais, mar atá 76%). Tháinig méadú suntasach ar an líon síntiús le leathanbhanda tapa arís eile sa bhliain seo a chuaigh thart, agus é méadaithe ó 51% den líon iomlán síntiús leathanbhanda fhosaithe sa bhliain 2015 go 60% anuraidh.

Leagtar síos in Straitéis Idirghabhála an Phlean Náisiúnta Leathanbhanda 2015 go soláthrófar luas íosta íoslódála 30 Mbps agus luas íosta uaslódála 6 Mbps do gach áitreabh, agus leas á bhaint as meascán d'idirghabháil phríobháideach agus d'idirghabháil phoiblí. Tá €75m ar fáil don Phlean Náisiúnta Leathanbhanda ó chlár Chiste Forbraíochta Réigiúnaí na hEorpa 2016-2020. Is é cistiú na mbearnaí an tsamhail infheistíochta atá roghnaithe chuige sin. Leithdháilfear an cistiú ar an tairgeoir rathúil nó na tairgeoirí rathúla chun seirbhís mhórdhíola a chur ar fáil. Tá an próiseas soláthair ar siúl faoi láthair, agus de réir an phróisis sin is féidir na conarthaí a dhámhachtain in dhá bheart ar leith do thairgeoirí ar leith nó iad a dhámhachtain i dtríú beart comhcheangailte i bhfoirm scéim náisiúnta. Is é atá i gceist leis an gconradh líonra rochtana fosaithe oscailte (snáithín optúil chomh fada leis an mbaile (FTTH) den chuid is mó) a thógáil laistigh de 5 bliana ar son lamháltas oibríochtúil 25 bliana. Dá bhrí sin, d'fhéadfadh sé go dtógfadh sé go dtí an bhliain 2022 chun an líonra a chur i bhfeidhm. Tar éis tréimhse 25 bliana, aistreofar an bonneagar chuig an tairgeoir atá á oibriú. Sa bhliain 2016, rinne Éire na Rialacháin maidir le Laghdú Chostas an Leathanbhanda (I.R. Uimh. 391 de 2016) a achtú le héifeacht ón 20 Iúil 2016. Leis na rialacháin sin trasuíodh i dlí na hÉireann an chuid is mó de cheanglais na Treorach maidir le Laghdú Chostas an Leathanbhanda.

Tá an Tascfhórsa Fón Póca agus Leathanbhanda curtha ar bun ag Rialtas na hÉireann mar chuid dá Chlár do Rialtas Comhpháirtíochta. Tá sé de dhualgas ar an Tascfhórsa réitigh ghearrthéarmacha a shainaithint ar na heasnaimh atá ann sa chlúdach leathanbhanda/fón póca. Tá sé de dhualgas air freisin dóigheanna a fhiosrú le feabhas a chur ar dhálaí d'fhonn seirbhísí níos fearr a sholáthar do thomhaltóirí roimh thógáil agus roimh chur i bhfeidhm iomlán an líonra atá beartaithe faoi idirghabháil Stáit an Phlean Náisiúnta Leathanbhanda, amhail úsáid bandaí speictrim a bharrfheabhsú (e.g. speictream a shaoradh sa bhanda 700 MHz, riachtanais a bharrfheabhsú chun laghdú a dhéanamh ar an gcostas a bhaineann le líonraí leathanbhanda a bhunú).

Má tá an tír chun na spriocanna atá aici a bhaint amach, is é an príomhdhúshlán beartais atá le sárú aici deireadh a chur leis an deighilt gheografach idir ceantair thuaithe agus ceantair uirbeacha. Chomh maith leis an iomaíocht atá ag teacht chun cinn maidir le bonneagar (toisc comhfhiontar idir an soláthraí náisiúnta leictreachais agus an príomhoibreoir líonraí móibíleacha sa mhargadh a bheith ag dul in iomaíocht leis an oibreoir reatha), leithdháiltear státchabhair shuntasach i bPlean Náisiúnta Leathanbhanda na hÉireann chun an soláthar a chothú freisin. Tá roinnt beart ar bun maidir leis an éileamh freisin, lena n-áirítear saoráidí seirbhíse poiblí a nascadh.

2 Caipiteal Daonna

2 Caipiteal Daonna	Éire		Braisle	AE
	rangú	scór	scór	scór
DESI 2017	**12**	**0.56**	**0.68**	**0.55**
DESI 2016	12	0.55	0.66	0.53

	Éire					AE
	DESI 2017			DESI 2016		DESI 2017
	luach		rangú	luach	rangú	luach
2a1 Úsáideoirí Idirlín	**79%**	↑	**12**	**78%**	**12**	**79%**
% de dhaoine aonair	2016			2015		2016
2a2 Daoine a bhfuil ar a laghad Bunscileanna Digiteacha acu	**44%**	→	**24**	**44%**	**22**	**56%**
% de dhaoine aonair	2016			2015		2016
2b1 Speisialtóirí TFC[9]	**3.7%**	↓	**10**	**4.0%**	**7**	**3.5%**
% de dhaoine aonair	2015			2014		2015
2b2 Céimithe STEM	**25**	↑	**1**	**22**	**4**	**19**
In aghaidh an 1000 duine (20-29 bliain d'aois)	2014			2013		2014

Tá Éire sa 12ú háit i measc thíortha an Aontais maidir le Caipiteal Daonna. Cé go bhfuil Caipiteal Daonna sa tír beagán os cionn mheán an Aontais, tá sé cuid mhaith faoi bhun an mheáin do na tíortha ardfheidhmíochta. Ina theannta sin, ní cosúil gur tháinig feabhas ar aon cheann de na táscairí seachas an ceann a bhaineann le céimithe STEM. Cé go bhfuil Éire sa chéad áit i ndáil le céimithe STEM, tá rangú an-íseal aici (an 24ú háit) i ndáil le buninniúlachtaí digiteacha an phobail i gcoitinne. Níl bunscileanna digiteacha ach ag 44% den phobal. Tá an figiúr sin cuid mhaith faoi bhun mheán an Aontais, mar atá 56%. Tá Éire níos faide fós taobh thiar de na tíortha ardfheidhmíochta (tá bunscileanna digiteacha ag idir 61% agus 86% den phobal sna tíortha sin). Is os cionn mheán an Aontais atá an sciar de dhaoine fostaithe ar speisialtóirí TFC iad, ach níl aon fheabhas tagtha air sin.

Maidir le poist ardleibhéil thiomnaithe sa réimse TFC a líonadh, tá ganntanas in Éirinn go fóill. Maidir le sciar na bhfiontar a rinne iarracht speisialtóirí TFC a earcú ach a raibh deacracht acu déanamh amhlaidh, tá sé os cionn 50% ó bhí 2012 ann. Sin ceann de na rátaí is airde san Eoraip agus níl aon fheabhas tagtha air. Tá an méid sin ag teacht le faisnéis a d'fhoilsigh údaráis na hÉireann le déanaí ina ndeimhnítear na heasnaimh leanúnacha scileanna TFC atá san earnáil TFC agus in earnálacha eile amhail an earnáil airgeadais[10].

Sa bhliain seo a chuaigh thart, díríodh ar straitéisí agus ar ghníomhartha a ceapadh roimhe sin a chur chun feidhme agus a athbhreithniú. Leis an Straitéis Náisiúnta Scileanna a glacadh go luath sa bhliain 2016, cuirtear le tionscnaimh dhigiteacha a ceapadh roimhe sin amhail an Plean Gníomhaíochta um Scileanna TFC, Straitéis Dhigiteach do Scoileanna 2015-2020 agus Springboard+, agus gealltar na tionscnaimh sin a chur chun cinn. Is é an aidhm fhoriomlán bheartais freastal ar na riachtanais scileanna TFC a bheidh ann amach

[9] Rinne Eurostat athbhreithniú ar na sonraí stairiúla.

[10] *"National Skills Bulletin 2016"*, Meán Fómhair 2016

anseo trí leas a bhaint as an oideachas go príomha, lena n-áirítear daoine a athoiliúint agus a uasoiliúint.

Tá an Plean Gníomhaíochta um Scileanna TFC 2014-2018 á athbhreithniú faoi láthair agus foilseofar plean nua sa bhliain 2017. Leagadh sprioc uaillmhianach síos sa Phlean go mbeadh Éire ar thús cadhnaíochta ar leibhéal domhanda i ndáil le tallann agus scileanna TFC. Tá sprioc nithiúil ann 74% d'éileamh lucht tionscail ar scileanna ardleibhéil TFC a shásamh tríd an gcóras oideachais faoin mbliain 2018. Ba é 60% an figiúr comhfhreagrach sa bhliain 2014. Leagadh spriocanna nithiúla síos don líon céimithe TFC freisin. Ina ainneoin sin, féachadh sa Phlean freisin le haghaidh a thabhairt ar easnaimh scileanna trí oibrithe eachtracha TFC a mhealladh go hÉirinn. Maidir leis sin, ba do phoist TFC a eisíodh 40% de na ceadanna oibre a eisíodh in Éirinn an bhliain seo caite. Faoi mar atá aitheanta ag Éirinn, áfach, is fíordhian atá an iomaíocht do thallann idirnáisiúnta. De réir tuarascáil tríú páirtí, tá Éire ar an séú ceann scríbe Eorpach is tarraingtí do thallann ardleibhéil teicneolaíochta faoi láthair[11].

Oibríonn Éire i gcomhar le geallsealbhóirí chun riachtanais scileanna a chinneadh agus chun gníomhartha féideartha a aithint. Leanann an Sainghrúpa ar Riachtanais Scileanna sa Todhchaí de chomhairle a chur ar an rialtas ina leith sin, agus leas á bhaint aige as taighde fianaisebhunaithe arna dhéanamh ag an tSeirbhís Oideachais Leanúnaigh agus Scileanna (SOLAS). Tá an Sainghrúpa comhdhéanta d'ionadaithe rialtais, d'fhostóirí agus de cheardchumainn. D'fhoilsigh an Sainghrúpa feasachán bliantúil scileanna i mí Mheán Fómhair 2016. Rinneadh anailís mhionsonraithe ann ar an éileamh ar scileanna TFC agus ar an soláthar scileanna TFC. Deimhníodh ann na dúshláin atá roimh an tír sna réimsí sin freisin.

Tionscnamh suaitheanta ina bhfuil an tionscal páirteach is ea clár printíseachta na hÉireann, a bhfuil TFC ar cheann de na príomhréimsí ann. In 2016/2017, tugadh isteach cineál nua printíseachtaí ceirde *'foghlaim le pá'* i bhforbairt bogearraí. Rinneadh amhlaidh chun freastal ar an éileamh atá ag an tionscal ar scileanna forbartha bogearraí, rud a sainaithníodh freisin in 2016 san Fheasachán Náisiúnta Scileanna ón Sainghrúpa ar Riachtanais Scileanna sa Todhchaí. Ina theannta sin, chuir Éire tús leis an gComhghuaillíocht Náisiúnta um Scileanna Digiteacha agus Poist Dhigiteacha in Aibreán 2017.

Maidir le cuimsiú digiteach, leag Éire sprioc uaillmhianach amach mar chuid den Straitéis Náisiúnta Dhigiteach sa bhliain 2013 chun an líon daoine nach bhfuil ar líne a laghdú faoina leath faoin mbliain 2016, agus an líon sin á laghdú go 288,000 duine. I ndáil leis sin, soláthraíodh níos tuairim is 140,000 áit oiliúna faoin gclár BenefIT idir na blianta 2008 agus 2015. Sna buiséid do na blianta 2016 agus 2017, cuireadh cistiú i leataobh do 30 000 áit eile sa dá bhliain sin freisin. Léirítear sna figiúirí ó Eurostat, áfach, nach bhfuil aon mhéadú suntasach tagtha ar an líon úsáideoirí Idirlín le cúpla bliain anuas agus nach bhfuil ach laghdú beag tagtha ar an sciar de dhaoine[12] nach bhfuil an tIdirlíon úsáidte acu riamh, agus é ag titim ó 18% sa bhliain 2012 go 15% sa bhliain 2016. Bhí sé beartaithe athbhreithniú a dhéanamh ar an gclár BenefIT sa bhliain 2016.

---

[11] *The State of European Tech,* Slush and Atomico, 2016

[12] Daoine idir 16 bliana d'aois agus 74 bliana d'aois

Go hachomair, leanann Éire de mhonatóireacht a dhéanamh ar na dúshláin atá ann ó thaobh scileanna de agus de dhul i ngleic go gníomhach le haon bhearnaí ina leith sin. Déanann sí amhlaidh trí leas a bhaint as cur chuige fianaisebhunaithe agus trí ról a thabhairt do gheallsealbhóirí san obair sin. Tá sé tábhachtach go ndéanfar athbhreithniú mionsonraithe ar na príomhscéimeanna atá ar bun ar mhaithe le bonn eolas a chur faoin mbeartas agus faoi ghníomhartha amach anseo.

Buaicphointe 2017:[13] CoderDojo

Is éard atá in CoderDojo gluaiseacht dhomhanda de chlubanna códúcháin a chuirtear ar fáil saor in aisce do leanaí tar éis na scoile. Is iad gairmithe deonacha TF a theagascann na leanaí. Bunaíodh CoderDojo in Éirinn sa bhliain 2013. Tá níos mó ná 1100 dojo ann i níos mó ná 60 tír ar fud an domhain anois. D'fhreastail beagnach 34 000 leanbh ar dojo sa bhliain 2015. Ba é 11 bhliain meánaois na leanaí sin. Fuair an dámhachtain Coolest Projects, ar comórtas a reáchtálann CoderDojo i mBaile Átha Cliath gach bliain é, fuair sí iontrálacha ó níos mó ná 800 leanbh as áiteanna ar fud na hÉireann agus na hEorpa araon sa bhliain 2016[14].

[13] Ba leis an gclár Springboard+ a bhain "Buaicphointe 2016". Mar chuid den chlár sin, soláthraítear clár tiontaithe scileanna TFC agus cuirtear cúrsaí páirtaimseartha solúbtha ardoideachais agus oiliúna ar fáil saor in aisce do dhaoine atá dífhostaithe agus do dhaoine a bhí féinfhostaithe roimhe seo agus a dteastaíonn uasoiliúint nó trasoiliúint uathu ionas gur féidir leo filleadh ar an bhfostaíocht inbhuanaithe.

[14] *"Hundreds of children present 'cool' CoderDojo projects"* Irish Times, an 19 Meitheamh 2016

3 Úsáid an Idirlín

3 Úsáid an Idirlín	Éire		Braisle	AE
	rangú	scór	scór	scór
DESI 2017	**16**	**0.48**	**0.60**	**0.48**
DESI 2016	18	0.43	0.57	0.45

	Éire					AE
	DESI 2017			DESI 2016		DESI 2017
	luach		rangú	luach	rangú	luach
3a1 Nuacht % de dhaoine aonair a bhain úsáid as an Idirlíon le 3 mhí anuas	**49%** 2016	↑	**28**	**48%** 2015	**28**	**70%** 2016
3a2 Ceol, Físeáin agus Cluichí[15] % de dhaoine aonair a bhain úsáid as an Idirlíon le 3 mhí anuas	**73%** 2016		**22**	**N/B**		**78%** 2016
3a3 Físeán ar Éileamh[16] % de dhaoine aonair a bhain úsáid as an Idirlíon le 3 mhí anuas	**24%** 2016		**10**	**N/B**		**21%** 2016
3b1 Físghlaonna % de dhaoine aonair a bhain úsáid as an Idirlíon le 3 mhí anuas	**42%** 2016	↑	**17**	**36%** 2015	**21**	**39%** 2016
3b2 Líonraí Sóisialta % de dhaoine aonair a bhain úsáid as an Idirlíon le 3 mhí anuas	**70%** 2016	↑	**13**	**66%** 2015	**15**	**63%** 2016
3c1 Baincéireacht % de dhaoine aonair a bhain úsáid as an Idirlíon le 3 mhí anuas	**64%** 2016	→	**12**	**64%** 2015	**11**	**59%** 2016
3c2 Siopadóireacht % d'úsáideoirí Idirlín (an bhliain seo caite)	**71%** 2016	↑	**9**	**63%** 2015	**13**	**66%** 2016

Tríd is tríd, tá úsáid seirbhísí ar líne in Éirinn ar aon dul le meán an Aontais. Eisceacht ina leith sin is ea an difríocht mhór atá ann maidir leis an sciar d'úsáideoirí Idirlín a úsáideann foinsí ar líne chun teacht ar an nuacht. I gcomparáid le meán an Aontais (70%), ní fhaigheann ach 49% d'Éireannaigh a gcuid nuachta ar líne. Ar an lámh eile, tá ag méadú ar an úsáid a bhaineann úsáideoirí Idirlín in Éirinn as físghlaonna agus as siopadóireacht ar líne. Is féidir an méid sin a fheiceáil san fhás láidir bliantúil sa dá tháscaire sin.

[15] Bhí briseadh sa tsraith mar gheall ar athrú ar shuirbhé Eurostat.

[16] Bhí briseadh sa tsraith mar gheall ar athrú ar fhoinse sonraí. Is é Eurostat an fhoinse nua.

4 Comhtháthú na Teicneolaíochta Digití

4 Comhtháthú na Teicneolaíochta Digití	Éire		Braisle	AE
	rangú	scór	scór	scór
DESI 2017	**2**	**0.56**	**0.44**	**0.37**
DESI 2016	2	0.54	0.41	0.35

	Éire					AE
	DESI 2017			DESI 2016		DESI 2017
	luach		rangú	luach	rangú	luach
4a1 Comhroinnt Leictreonach Faisnéise % d'fhiontair	**25%** 2015		**21**	**25%** 2015	**21**	**36%** 2015
4a2 RFID (Sainaithint Radaimhinicíochta) % d'fhiontair	**4.0%** 2014		**13**	**4.0%** 2014	**13**	**3.9%** 2014
4a3 Na Meáin Shóisialta % d'fhiontair	**36%** 2016	↑	**3**	**35%** 2015	**2**	**20%** 2016
4a4 Ríomhshonraisc % d'fhiontair	**15%** 2016		**15**	**N/B** 2015		**18%** 2016
4a5 Néalseirbhísí % d'fhiontair	**24%** 2016	↑	**5**	**21%** 2015	**5**	**13%** 2016
4b1 FBManna atá ag Díol ar Líne % de FBManna	**30%** 2016	↓	**1**	**32%** 2015	**1**	**17%** 2016
4b2 Láimhdeachas Ríomhthráchtála % de Láimhdeachas FBManna	**21.8%** 2016	↑	**1**	**19.2%** 2015	**1**	**9.4%** 2016
4b3 FBManna atá ag Díol ar Líne ar bhonn Trasteorann % de FBManna	**16.2%** 2015		**1**	**16.2%** 2015	**1**	**7.5%** 2015

Tá Éire sa 2ú háit i ndáil le Comhtháthú na Teicneolaíochta Digití. San Aontas Eorpach ar fad, is iad fiontair bheaga agus mheánmhéide Éireannacha a bhaineann an úsáid is mó as na deiseanna a ghabhann le tráchtáil ar líne, lena n-áirítear ríomhthráchtáil trasteorann. Tá rangú ard ag gnólachtaí Éireannacha i ndáil le húsáid na meán sóisialta agus néalseirbhísí freisin, agus iad sa 3ú háit agus sa 5ú háit faoi seach. Mar sin féin, tá scóip ann chun úsáid níos forleithne a bhaint as teicneolaíochtaí digiteacha eile amhail ríomhshonrascú nó comhroinnt leictreonach faisnéise laistigh de ghnólachtaí.

Tá sé mar aidhm ag straitéis fiontraíochta digití na hÉireann[17] gnólachtaí sna hearnálacha uile a spreagadh le leas a bhaint as an teicneolaíocht dhigiteach, go háirithe an ríomhthráchtáil. Féachtar léi freisin le neartú a dhéanamh ar an tionscal TFC, ar earnáil straitéiseach tosaíochta in Éirinn í a bhfuil móracmhainneacht onnmhairiúcháin aici.

Maidir le ríomhthráchtáil, bhí an-tóir ag gnólachtaí sna hearnálacha uile go fóill ar an Scéim Dearbhán Trádála ar Líne. Bhí níos mó ná 2600 gnólacht páirteach sa scéim agus bíonn an líon sin ag méadú i gcónaí. Tairgtear leis an scéim cúnamh airgeadais, oiliúint agus comhairle do ghnólachtaí beaga chun cabhrú leo a n-inniúlachtaí ríomhthráchtála a fhorbairt. Thuairiscigh na gnólachtaí a bhí páirteach sa scéim meánmhéadú 21% ar dhíolacháin.

[17] "*Fiontraíocht 2025*", 2015

Thuairiscigh siad méadú 84% ar ábhair chliaint freisin. Thosaigh 60% de na gnólachtaí sin ag onnmhairiú den chéad uair riamh.

Maidir le tacaíocht don earnáil TFC, tá rún daingean ag Éirinn gnólachtaí nuathionscanta a mhealladh agus cabhrú leo fás agus rath a bhaint amach. Sa bhliain seo a chuaigh thart, lean an Lárionad Náisiúnta Taighde Dhigitigh le tacaíocht a thabhairt do ghnólachtaí nuathionscanta le linn na céime tosaigh, céim atá ríthábhachtach. D'infheistigh an Lárionad i gcoincheapa fónta agus rinne sé gnólachtaí nuathionscanta a luathú trí chláir ghníomhaíochtaí 3 mhí agus 6 mhí. Is é an aidhm atá leis na cláir sin acmhainneacht tráchtála an ghnólachta nuathionscanta a dheimhniú agus riosca an ghnólachta a mhaolú ionas go mbeidh sé tarraingteach d'infheisteoirí tráchtála. Cuireann an Lárionad meantóireacht phraiticiúil ar fáil freisin, rud atá ríthábhachtach do na gnólachtaí nuathionscanta is úire. Bhí infheistíocht déanta aige i níos mó ná 200 cuideachta faoi earrach na bliana 2016.

Nuair a éiríonn le gnólachtaí nuathionscanta cistiú tráchtála a fháil, is iondúil go n-iompaíonn siad ina gcliaint den chineál "gnólacht nuathionscanta ardphoitéinsil" de chuid Fhiontraíocht Éireann, arb í an ghníomhaireacht stáit í atá freagrach as cuideachtaí Éireannacha a fhorbairt agus a fhás i margaí an domhain. D'infheistigh Fiontraíocht Éireann €32 mhilliún san iomlán i ngnólachtaí nuathionscanta Éireannacha sa bhliain 2016. Thacaigh sí le 229 ngnólacht nuathionscanta freisin, rud a bhí ar an líon is mó riamh in aon bhliain ar leith. Tá cuid mhór de na cuideachtaí sin gníomhach san earnáil TFC. I mí Eanáir 2017, d'fhoilsigh Fiontraíocht Éireann an straitéis *"Build Scale, Expand Reach 2017 – 2020"* . Mar chuid den straitéis ceithre bliana sin, féachtar le tacaíocht a thabhairt do líon méadaithe gnólachtaí nuathionscanta.

I Mol Digiteach Bhaile Átha Cliath, leantar de spás oifige agus tacaíocht a chur ar fáil do chuideachtaí teicneolaíochta. Tá 89 fhiontar dhigiteacha a bhfuil beagnach 650 fostaí acu lonnaithe sa Mhol faoi láthair.

Leanann Éire de bheith ag caitheamh le TFC mar réimse tosaíochta dá beartas fiontraíochta. Léiríonn an tóir ar an tionscnamh Trádála ar Líne go bhfuil fiontair toilteanach teicneolaíochtaí digiteacha a ghlacadh. I bhfianaise rath an tionscnaimh, d'fhéadfadh sé gurbh fhiú a iniúchadh an bhféadfadh tionscnaimh den chineál céanna bheith chomh héifeachtach céanna maidir le glacadh teicneolaíochtaí eile a chur chun cinn.

5 Seirbhísí Poiblí Digiteacha

5 Seirbhísí Poiblí Digiteacha	Éire		Braisle	AE
	rangú	scór	scór	scór
DESI 2017	**7**	**0.67**	**0.59**	**0.55**
DESI 2016	10	0.58	0.57	0.51

	Éire					AE
	DESI 2017			DESI 2016		DESI 2017
	luach		rangú	luach	rangú	luach
5a1 Úsáideoirí Ríomhrialtais % d'úsáideoirí Idirlín (an bhliain seo caite)	**58%** 2016	↑	**5**	**56%** 2015	**4**	**34%** 2016
5a2 Foirmeacha Réamh-Chomhlánaithe Scór (0 go 100)	**35** 2016	→	**18**	**35** 2015	**17**	**49** 2016
5a3 Críochnú Seirbhísí ar Líne Scór (0 go 100)	**89** 2016	↓	**10**	**90** 2015	**9**	**82** 2016
5a4 Sonraí Oscailte[18] % den scór uasta	**80%** 2016	↑	**3**	**44%** 2015	**18**	**59%** 2016

Tá Éire ag feidhmiú go réasúnta maith i ndáil le Seirbhísí Poiblí Digiteacha. Tá sí sa 7ú háit anois, 3 áit níos airde ná an bhliain seo caite. Maidir le soláthar Sonraí Oscailte, chuaigh Éire ón 18ú háit suas go dtí an 3ú háit (chuir bunú na Tairsí Sonraí Oscailte i mí an Mheithimh 2015 leis an bhfeabhsú sin). Ní raibh aon fheabhas suntasach ann i réimsí eile, áfach.

Tar éis straitéis chuimsitheach ríomhrialtais a ghlacadh dó sa bhliain 2015, d'fhoilsigh an Rialtas Plean Náisiúnta Gníomhaíochta na hÉireann um Chomhpháirtíocht Rialtais Oscailte 2016-2018 i mí na Nollag 2016. Ceann de na príomhghealltanais a thugtar sa Phlean is ea feabhas a chur ar an rochtain ar sheirbhísí poiblí tríd an teicneolaíocht. Go háirithe, tá sé mar aidhm ag an Rialtas aon chárta cliste amháin do sheirbhísí poiblí, a bheidh slán agus sábháilte, a chur in ionad an iliomad cártaí a eisíonn an Rialtas faoi láthair. Díreofar freisin ar líonra slán de chuid an Rialtais a sholáthar, ar fheidhmchláir a chomhroinnt a bhfuil gá ginearálta leo ar fud na seirbhíse poiblí agus ar Néal Rialtais a chur chun feidhme lena bhféadfar sonraí agus feidhmchláir a stóráil agus a chothabháil go sábháilte.

Aithnítear sa Phlean Gníomhaíochta nach mbeidh gach saoránach in ann réitigh dhigiteacha nó ghréasánbhunaithe a rochtain. Dá bhrí sin, gealltar ann go ndéanfar freastal ar na saoránaigh sin. Tá tábhacht ar leith ag baint leis sin mar gheall ar na leibhéil ísle bhunscileanna digiteacha atá ann in Éirinn.

[18] Athrú na foinse sonraí. Rinneadh na sonraí stairiúla a athlua freisin. Is í an Tairseach Sonraí Eorpach an fhoinse nua.